

Oifigeach Togra (SW-GROW) - ar chonradh

I gcomhar le páirtneírí eile Eorpacha, tá Údarás na Gaeltachta páirteach sa togra *SW-GROW*, clár forbartha chun tacú le forbairt táirgí breisluach feamainne agus tacú le comhlachtaí beaga agus meánmhéide san earnáil seo a gcuid gnó a fhorbairt go hinmharthanacht. Tá an clár seo á mhaoiniú faoi chlár INTERREG (AA) de chuid an Aontais Eorpaigh.

An Ról:

Mar chuid d'fheidhmiú an togra seo, tá post á thairiscint mar Oifigeach Forbartha sa Rannóg Taighde agus Forbartha Earnálacha ar bhunús conartha. Beidh an tOifigeach Togra freagrach as comhordú a dhéanamh ar chlár oibre *SW-GROW* atá le réachtáil sa Ghaeltacht agus a thacóidh le forbairt earnáil na feamainne.

Conradh suas le trí bliana atá i gceist leis an bpost seo a bheas lonnaithe in ArdOifig Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Dualgais:

Beidh an té a cheapfar freagrach as cuidiú le cur i bhfeidhm an togra *SW-GROW* trí thacú le aistriú teicneolaíochta i measc páirtneírí agus réigiúin an togra agus tacú le forbairt na nuálaíochta agus na hiomaíochta i measc gnóthaí beaga agus meánmhéide agus tacú le brandáil táirgí ardchaighdeán feamainne sa Ghaeltacht.

An Duine:

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil na scileanna/tréithe/taithí seo a leanas acu:

- Líofacht i labhairt agus scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla.
- Cáilíocht tríú leibhéal iarchéime ábhartha
- Taithí oibre 3 bliana, ar a laghad, tar éis na céime
- Tuiscint agus taithí ar chórais bainistíochta gnó nó riarachán poiblí
- Eolas / tuiscint ar earnáil na mara agus/nó scéimeanna Eorpacha ina bhuntáiste
- Scileanna ábhartha taighde, anailíse agus réiteach tuairiscí
- Sárscileanna cumarsáide, comhordaithe agus idirphearsanta
- Ardscileanna eagrúcháin, ríomhaireachta agus riaracháin

Íocfar scála tuarastail idir €40,000- €45,000 sa bhliain ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí.

Seol iarratas, mar aon le do CV as Gaeilge, roimh 4:00 i.n., 31ú Bealtaine 2019 chuig:
foluntais@udaras.ie nó chuig:
An Feidhmeannach Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne,
Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe.

*Is fostóir comhionannais é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge
a theanga oibre.*